

Samhail de Bhád Seoil Gairme mar uirlis don Treoirchomhairleoir

Fidan KORKUT-OWEN


Ollamh ar Scor, Ollscoil Hacettepe, Ankara, An Tuirc

Selen DEMİRTAŞ-ZORBAZ

Cúntóir Taighde, Ollscoil Hacettepe, Ankara, An Tuirc

Tansu MUTLU-SÛRAL

Cúntóir Taighde, Ollscoil Osmangazi, Eskişehir, An Tuirc



Foilsithe ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt

don Lámhleabhar um Threoir Scoile

Clár an Ábhair

Achoimre.....	2
Eochairfhocail	3
Réamhrá	4
Gnéithe Áirithe a Bhíonn Tionchar Acu ar Rogha Ghairme	4
Bunús na Samhlach de Bhád Seoil Gairme	6
Cad é an tSamhail de Bhád Seoil Gairme?	Error! Bookmark not defined.
Measúnú ar an gComhairleoireacht Ghairme ag baint úsáide as an SBSG	10
Conas is féidir SBSG a úsáid?	13
Plé agus Conclúid	14
Beathaisnéis	15
Nótaí Buíochais.....	15
Tagairtí.....	16
Aguisín 1	20
Aguisín 2.....	22
Giorrúcháin	25

Achoimre

Tá cuid mhór teoiricí agus samhlacha forbartha gairme. Mar gheall ar chastacht agus míshocracht na forbartha gairme comhaimseartha tá gá le haghaidh samhlacha nua-aoiseacha chun cuidiú le daoine aonair stiúradh trí chonairí gairme go díograiseach agus go soiléir. Cruthaíodh an tSamhail de Bhád Seoil Gairme (SBSG) le cur leis an bpróiseas cinnteoireachta gairme a thagann chun cinn laistigh de cheithre ghné idirghníomhacha – aonánach, sóisialta, poilitiúil-dlíthiúil-eacnamaíoch agus seans. Baineann SBSG úsáid as léiriú meafarach agus díritear ar spriocanna gairme a shocrú trí phróiseas an fhéinfhollasaithe a chur chn cinn. Déantar an próiseas seo a éascú trí struchtúr a fhorleagan a threoraíonn an follasú den duine féin agus an mheastóireacht de dheiseanna agus roghanna gairme. Baineann an próiseas seo leas as na próisis comhairleoireachta gairme lena n-áirítear féinfhios, na féidearthachtaí oideachais/ghairmiúla a aithint agus cinntí/gairmeacha a phleanáil. Tá an tsamhail bunaithe ar an smaoineamh gur turas seoltóireachta é an bealach a théann duine isteach i ngairm, ón mbunphointe go dtí an ceann scríbe. Cé go bhféadfadh an rogha éiginnte a dhéantar ar ghairm a bheith ina próiseas scanrúil, níl an próiseas maidir le turas a phleanáil agus a stiúradh chomh dona sin. Tháinig an tsamhail seo chun cinn mar gheall ar obair a rinne cuid mhór daoine eile agus mar gheall ar chuid mhór teoiricí a bhí ann níos luaithe. Dá réir sin, agus i gcomhréir leis na dearcchá tógachaíocha, tá an SBSG ag dul i ngleic le cuidiú le daoine aonair a gcuid scéalta a chumadh agus a gcuid calafort cinn scríbe a shocrú. Leis an tsamhail tá treoirchomhairleoirí in ann úsáid a bhaint as uirlisí measúnaithe neamhfhoirmiúla/cáilíochtúla go héasca, mar shampla úsáid cluichí, fardail fhéintuairiscithe, cineálacha cártaí. Chomh maith leis sin, leis an SBSG tá solúbthacht níos fearr ann agus is féidir í a chur in oiriúint do réimse leathan de réadúlachtaí cultúrtha/sóisialta agus do ghnéithe polaitiúla-dlíthiúla-eacnamaíocha.

Eochairfhocail

Cinnteoireacht ghairme na Samhla de Bhád Seoil Gairme (SBSG), dearcchá tógachaíocha, uirlisí measúnaithe neamhfhoirmiúla/cáilíochtúla

Réamhrá

Deir Watts, (2004, lch 1) gur ‘próiseas ar feadh an tsaoil é an fhorbairt ghairme de bhainistíocht a dhéanamh ar an dul chun cinn san fhoghlaim agus san obair’ agus tá ról lárnach ag scoileanna san fhorbairt ghairme. Déanann roinnt daoine óga a ngairmeacha a fhorbairt ar bhealach córasach trína roghanna a mheas go cúramach agus iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis na roghanna a dhéanann siad. Ach, chomh minic céanna, déanann líon mór daoine óga cinntí gairme ina n-aonar. Bíonn cabhair de dhíth ar an gcuid is mó de dhaoine leis na poncanna a cheangal le chéile idir na rudaí a thaitníonn leo a dhéanamh/na rudaí a bhfuil bua acu iontu agus na cláir oideachais/slite beatha a bheadh oiriúnach dóibh (Campbell, Ungar, agus Dutton, 2008). Is é príomhsprioc an treoirchomhairleora spreagadh, tacaíocht agus cothú a thabhairt d’fhorbairt shóisialta/phearsanta, acadúil/oideachais agus ghairme na leanaí agus daoine óga i scoileanna.

In Éirinn, éilítear ar scoileanna, i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998), lena chinntiú “go bhfuil fáil ag scoláirí ar an treoir chuí chun cuidiú leo ina roghanna oideachais agus gairme”. De ghnáth is é treoirchomhairleoir a dhéanann an tseirbhís treorach a bhainistiú agus a sholáthar agus a fhaigheann tacaíocht ó mhúinteoirí eile a bhfuil saineolas acu sa réimse. Tugann an fhoireann treorach cuidiú agus tacaíocht do scoláirí le tuiscint a fháil ar choincheap na treorach agus le cinntí gairme na scoláirí a éascú. In athbhreithniú a rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2006) tuairiscíodh gurbh é an phríomhghníomhaíocht a rinne treoirchomhairleoirí le scoláirí na sraithe sinsearaí ná comhairleoireacht ghairme duine le duine agus treoir oideachais a chur ar fáil.

Tuairiscíonn an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), a rinne athbhreithniú comparáideach ar pholasaithe náisiúnta um sheirbhísí faisnéise, treorach agus comhairleoireachta gairme in 14 thír ECFE, Éire san áireamh, go bhfuil ról tábhachtach ag an treoir laistigh de chórais oideachais leis an mbealach a réiteach d’fhorbairt ghairme ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear *eolas agus inniúlachtaí maidir leis an bhféinfheasacht, an saol oibre, agus cinntí agus aistrithe á ndéanamh* (ECFE, 2002). De réir an LNTO (2004), san áireamh sna gníomhaíochtaí treorach a chuidíonn le scoláirí aistrithe a dhéanamh tá: cláir oideachais gairmeacha/aistrithe gairme, socrúchán, scoláirí a ullmhú don fhostaíocht agus ina dhiaidh sin.

Gnéithe Áirithe a Bhíonn Tionchar Acu Ar Rogha Ghairme

Ceann de na cinntí is tábhachtaí is gá do dhuine ar bith a dhéanamh ná rogha ghairme. Tá cuid mhór gnéithe i gceist a spreagann duine le gairm ar leith a roghnú agus is próiseas casta é an próiseas rogha gairme. Leagann treoirchomhairleoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le gnéithe ar nós an gá le rudaí a bhaint amach, dearcthaí grúpaí piara, cúlra teaghlaigh, agus noirm chultúrtha agus mínithe á dtabhairt acu maidir leis an bpróiseas ó thaobh rogha de. Léiríodh an t-aitheantas a thugtar do ghnéithe éagsúla go feiceálach i dteoiricí forbartha gairme éagsúla, mar shampla, Super (1980), Tiedeman agus O’Hara (1963), agus Holland (1959). Déanann daoine eile an argóint go mbíonn tionchar ag gnéithe ar nós comhthéacs an tsaoil, cumais phearsanta, agus gnóthachtáil oideachais ar an rogha ghairme freisin (Bandura, Barbaranelli, Caprara, agus Pastorelli, 2001). Tugann Savickas (1991) le fios gur bunghnéithe don rogha ghairme is ea

ábaltacht, spéis, córas luachanna agus creidimh, an teaghlach, cultúr agus timpeallacht. De réir Korkut-Owen (2008), is féidir na gnéithe seo a rangú i gceithre ghrúpa: aonánach/pearsanta; sóisialta; bainteach le córais (mar shampla polaitiúil, eacnamaíoch, dlíthiúil) agus seans. San áireamh sna *gnéithe aonánacha/pearsanta* a rialaíonn an treo gairme tá spéis, cumais, scileanna, luachanna, sprioc, ionchais, tréithe pearsanta, coinníollacha fisiciúla/sláinte, an tuiscint atá ag an duine maidir leis/ léi féin agus ar ghairmeacha, taithí roimhe seo agus an taithí reatha, taithí oibre, aibíocht ghairmiúil, caithimh aimsire, an tuiscint ar an bpost is fearr, féinéifeachtúlacht, taithí foghlama, agus gnóthachtáil acadúil. Aithníodh na gnéithe seo i dteoiricí éagsúla, samhla nó i gcúrsaí taighde a rinneadh roimhe seo. Mar shampla, cuireann Donnay agus Borgen (1996) fianaise láidir ar fáil go mbíonn ról lárnach ag patrúin spéise sa rogha ghairme. Tuairiscíonn Tang, Pan, agus Newmeyer (2008) gur dhá ghné thábhachtacha iad an taithí foghlama agus an fhéinéifeachtúlacht a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt ghairme scoláirí ardscoile.

Déantar an dara grúpa de ghnéithe a bhíonn tionchar acu ar rogha ghairme agus forbairt ghairme a rangú mar *ghnéithe sóisialta* mar seo a leanas: tréithe teaghlaigh, tiomantais teaghlaigh, réadúlachtaí cultúrtha, agus tuiscint ar an gcultúr maidir le gairmeacha agus inscne, struchtúr sóisialta, traidisiúin, na meáin, comhluachanna etc. De réir Whiston agus Keller (2004), is cosúil go mbíonn leanaí claonta go mór i dtreo réimse gairme a dtuismitheoirí, ach laghdaíonn an claonadh seo de réir mar a éiríonn siad níos sine. Ar an lámh eile, tá tátail seasta ann go leanann leibhéal oideachais na dtuismitheoirí ag imirt tionchair ar mhianta agus ionchais daoine aonair agus iad ina leanaí agus mar dhaoine óga. Léiríonn an t-athbhreithniú a rinne siad go soiléir go mbíonn tionchar ag na próisis éagsúla teaghlaigh ar ghnéithe a bhaineann le gairmeacha go dearfach agus go diúltach. Fuarthas freisin go raibh ceann amháin de na torthaí taighde, comhthéacs cultúrtha agus sóisialta an teaghlaigh agus an phobail, ríthábhachtach sa chaoi ina bhfoghlaimíonn daoine óga faoi ghairmeacha agus go bhfuil tionchar aige ar phróiseas na rogha gairme (Ferry, 2006).

Is réadúlachtaí oibiachtúla iad gnéithe *bainteach le córais (mar shampla polaitiúil, eacnamaíoch, dlíthiúil)* lena n-áirítear suíomh, margaí saothair, eacnamaíocht, gnéithe rialtais, dlíthe, córais oideachais agus mheasúnaithe (scrúduithe). De ghnáth, breathnaítear orthu seo mar réadúlachtaí sainiúla atá le fáil i gcultúir, sochaithe agus pobail áitiúla ar leith. Go hiondúil bíonn ábaltacht theoranta ag duine amháin tionchar a imirt ar an ngrúpa seo de ghnéithe éagsúla seachas athruithe ollmhóra sa saol a dhéanamh ar nós dul ar imirce chuig tír eile. De réir Watts (2003) tá sé tábhachtach breathnú ar sheirbhísí forbartha gairme laistigh de gach tír mar chóras comhtháite. I ndáiríre, seachas córas amháin a bheith ann tá bailiúchán d'fhochórais dhifriúla, lena n-áirítear seirbhísí i scoileanna, in oideachas tríú leibhéal, i seirbhísí fostaíochta poiblí, agus sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha. Tá gach ceann díobh seo mar mhionchuid de chóras áirithe atá níos leithne, a bhfuil a réasúnaíocht agus ceann feadhna aige. Ach sna hathbhreithnithe tugadh na codanna éagsúla seo le chéile, agus breathnaítear orthu mar chodanna den rud iomlán.

Is ionann an ghné *seans*, nach bhfuil smacht ag an duine aonair air den chuid is mó, agus na gnéithe nach mbaineann le hábhar a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar rogha ghairme agus ar an dul chun cinn i dtreo sprice gairme. Ní dhéanann an chuid is mó de ghairmeacha daoine dul chun cinn díreach mar gheall ar obair chrua agus an dea-phleanáil. De ghnáth bíonn ádh nó taisme áirithe i gceist le linn scéal beatha duine. “Is féidir le rud ar bith gan choinne – cruinniú de

thimpiste, fionnachtain nach rabhthas ag súil léi, deis thráthúil, mí-ádh, botún nó deis chaillte – gairm duine a bhrú chun tosaigh nó a chliseadh” (Campbell, Ungar, agus Dutton, 2008, lch 24). Bíonn dúshlán i ndán do threoirchomhairleoirí leis an saol oibre le hidirghabháil comhairleoireachta gairme a chur i bhfeidhm a bhreathnaíonn ar imeachtaí nach raibh pleanáilte mar chinn atá dosheachanta agus inmhianaithe araon. Is gá do threoirchomhairleoirí scoláirí a spreagadh le dul i ngleic le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta leis an seans a mhéadú go dtiocfaidh na scoláirí ar dheiseanna gairme nach rabhthas ag súil leis. I ndáiríre, thuairiscigh 70% de scoláirí ardscoile agus ollscoile go raibh tionchar ag ‘imeacht a tharla trí sheans’ ar a gconair oideachais nó gairme (Bright, Pryor, agus Harpham, 2004).

Tá cuid mhór teoriciú agus samhlacha forbartha gairme ann chun comhairle a chur ar an gcaoi inar féidir comhairleoireacht ghairme a chur ar fáil. Mar gheall ar chastacht agus míshocracht na forbartha gairme comhaimseartha tá gá le samhlacha nua-aoiseacha chun cuidiú le scoláirí conairí gairme a stiúradh go díograiseach agus go soiléir.

Is cabhair é samhlacha forbartha gairme a thuiscint mar is féidir leis réimse casta a laghdú d’iompair do mhínte inúsáidte, tógáin, caidrimh, agus, go pointe áirithe, tuartha (Young, Marshall, agus Valach, 2007). Sampla dá leithéid samhla is ea Samhail de Bhád Seoil Gairme (SBSG) a cruthaíodh le cur leis an bpróiseas cinnteoireachta gairme. Tagann an tsamhail seo chun cinn laistigh cheithre ghné idirghaolmhara-aonánach, sóisialta, bainteach le córais (polaitiúil, eacnamaíoch, dlíthiúil) agus seans (Korkut-Owen, et al., 2010). Rinneadh forbairt ar an SBSG ó shin agus baintear úsáid as léiriú meafarach chun díriú ar spriocanna gairme a shocrú tríd an bpróiseas den fhéinfhollasú agus den mheastóireacht de dheiseanna agus roghanna gairme a chur chun cinn (Korkut-Owen, Arıcı, Demirtaş-Zorbaz, agus Mutlu Süral, 2014).

Is é aidhm an ailt seo an SBSG a chur i láthair agus plé a dhéanamh ar an gcaoi inar féidir le treoirchomhairleoirí úsáid a bhaint as an samhail seo ina gcuid oibre le scoláirí iarbhunscoile. San alt seo freisin cuirtear roinnt uirlisí measúnaithe neamhfhoirmiúla/cáilfochtúla (cleachtaí neamhthástála) a chur i láthair a bheadh úsáideach agus an tsamhail seo á húsáid.

Bunús na Samhla de Bhád Seoil Gairme

Cur chuige eile a spreag an SBSG ná *peirspictíocht éiceolaíoch* (1994) de chuid Bronfenbrenner a aithníonn go bhfeidhmíonn gach duine laistigh d’éiceachóras ar leith ina bhfuil gnéithe éagsúla ag na leibhéil aonair, idirphearsanta, agus shoch-chultúrtha i gcoitinne. D’aithin Bronfenbrenner (1977) ceithre phríomh-fhóchóras a imríonn tionchar ar iompar an duine:

- (a) micreachórais lena n-áirítear idirghníomhaíocht idirphearsanta laistigh de thimpeallacht ar leith, ar nós sa bhaile, ar scoil, nó i suíomh oibre;
- (b) méiseachórais ina bhfuil idirghníomhaíochtaí idir dhá mhicreachóras nó níos mó, ar nós an caidreamh idir scoil duine agus a t(h)impeallacht oibre;
- (c) eiseachórais ina bhfuil naisc idir na fochórais a mbíonn tionchar indíreach acu ar an duine aonair, ar nós comharsanacht an duine nó na meáin;
- (d) macrachórais atá mar na comhpháirteanna idé-eolaíochta de shochoaí ar leith lena n-áirítear noirm agus luachanna (luaite in Cook, Heppner agus O’Brien, 2005). De réir Cook, Heppner, agus O’Brien (2002) tá fochórais na macrachóras agus na micreachóras ag idirghníomhú leis an duine aonair an-áisiúil chun iompar gairme a mhíniú.

Teoiric eile ná an *Teoiric Seasaimh Tarlaithe Phleanáilte*, a luaigh Mitchell, Levin agus Krumboltz (1999). Deir siad, cé nach féidir imeachtaí ar leith a thuar agus a phleanáil, is féidir feidhm a bheith ag foghlaim neamhphleanáilte, a thosaíonn ón uair a rugtar duine. Dá bhrí sin, is féidir le himeachtaí neamhphleanáilte a bheith mar dheiseanna chun foghlama.

Do Korkut-Owen agus a comhghleacaithe ba é an tSamhail de *Scóip Ghairme* (Amundson, Poehnell, agus Pattern, 2005) an cur chuige ab údarásaí leis an SBSG a spreagadh agus a fhorbairt. Sa samhail seo, chomh maith leis na cleachtaí ar leith, baineadh úsáid as léaráid rotha atá mar chreatlach treorach chun cuidiú le daoine eolas pearsanta agus margaidh shaothair a eagrú. Cruthaíodh gur uirlis treorach úsáideach é an roth é féin d'aoiseanna éagsúla agus do ghrúpaí cultúrtha éagsúla.

D'eascair an tsamhail seo as an obair a rinne cuid mhór daoine lena n-áirítear *Teoiric Córas Patton* agus McMahon (2006). Déanann an teoiric córas scrúdú ar an mbaint atá ag na gnéithe inmheánacha agus seachtracha éagsúla lena chéile a imríonn tionchar ar fhorbairt ghairme duine. Baineann forbróirí na dTeoiric Córas úsáid d'aon ghnó as an téarma 'tionchar' mar théarma spreagúil atá in ann comhpháirteanna ábhair agus próisis den teoiric ghairme araon a léiriú. San áireamh sna tionchair ábhair tá (a) gnéithe éagsúla idirphearsanta ar nós pearsantacht agus aois agus (b) gnéithe éagsúla comhthéacsúla ina bhfuil tionchair shóisialta i gceist, ar nós an teaghlach, agus tionchair thimpeallachta/shochaíocha, (ar nós suíomh tíreolaíochta).


Creideann *Tógachaithe* go bhfuil mínithe éagsúla agus réadúlachtaí éagsúla maidir le forbairt ghairme (Niles agus Harris-Bowlsbey, 2013). Thuairiscigh Patton (2005) ó thaobh tógachaí de, go bhfuil níos mó i gceist i gcumais ghairme a fhorbairt ná an ghníomhaíocht chognaíoch d'ailiniú a dhéanamh den fhéineolas, eolas gairmiúil agus eolas comhthéacsúil. Is é próiseáil an eolais seo atá lárnach do dhéanamh agus comhtháthú eolais agus scileanna an duine mar a bhaineann sé leis an duine é/ í féin. Is é scéal gairme an duine aonair bailiúchán d'íomhanna den chaoi a mbreathnaíonn an duine air/ uirthi féin ina s(h)aol. Cé gurb é ábhar an scéil gnéithe eolais den duine féin (e.g., spéis, cumais) agus den saol oibre, is é an léamh a dhéanann an duine aonair orthu seo agus an suíomh ina gcuirtear iad laistigh den scéal – scéal an duine aonair faoi é/ í féin – a thugann an bharántúlacht do gach duine aonair. Agus is é an tuiscint atá ag an duine aonair ar a ról agus an scéal á chur le chéile an pointe comhartha don bharántúlacht den phróiseas foghlama. Cuid lárnach den údaracht seo is ea an cineál próiseas measúnaithe a chuirtear i bhfeidhm. Dá réir sin, mar a sainmhíníodh sa *dearcadh tógachaíoch*, cuireadh leis an SBSG trí mhodhanna teicnící ina gcumann daoine aonair a scéalta féin agus ina socraíonn siad a gcalafóirt cinn scríbe féin.

Cad é an tSamhail de Bhád Seoil Gairme?

De réir Patton (2005), ní féidir imeachtaí, iompair agus dearcachaí a thuiscint ach amháin i dtaca leis an gcomhthéacs ina bhfuil siad lonnaithe. Thuairiscigh sí nach imeacht ar leith í an chinnteoireacht a dhíríonn ar ghairm a roghnú ach gur próiseas leanúnach é ina dtógann duine aonair gairm. Is próiseas idirghníomhach é an fhorbairt ghairme, ina mbíonn tionchar ag an duine aonair agus ina mbíonn tionchar ag na gnéithe sóisialta, cultúrtha agus fisiciúla dá t(h)impeallacht (Whiston and Keller, 2004). Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh an treoirchomhairleoir ar an eolas faoi na gnéithe seo agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann

do dhaoine aonair le linn na forbartha gairme agus an phróisis chinnteoireachta. Rinneadh forbairt ar SBSG i gcomhréir leis na catagóirí agus smaointe seo, agus ó na cuir chuige teoriciúla mar atá leagtha amach thuas.

Baineann an SBSG úsáid as an léiriú meafarach de bhád seoil. Díritear ar spriocanna gairme a shocrú agus ar an gcinnteoireacht tar éis an fhéinfhollasaithe agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don scoláire. Sa tsamhail, léirítear an próiseas rogha gairme mar thuras a dhéanann bád seoil. Tugtar spreagadh do dhaoine aonair breathnú ar a sprioc mar an ceann scríbe nó an calafort ag deireadh turais sheoltóireachta fhada. Sa chaoi seo is féidir breathnú ar thuras an scoláire mar shraith imeachtaí ina bhfuil ní hamháin saintréithe nó tréithe pearsanta nó scileanna a foghlaimíodh de dhíth ach an ábaltacht freisin le bheith in ann déileáil le himeachtaí nach rabhthas ag súil leis nó nach raibh pleanáilte ar nós mar a bheadh i ndán do scipéir agus turas mara fada á dhéanamh aige. Is meafar atá tarraingteach go nádúrtha agus a thuigeann daoine aonair é an meafar loingseoireachta seo. Is féidir an tsamhail a léiriú go héasca in íomhá amháin mar atá thíos.



**Chance = Seans; Social Factors = Gnéithe Sóisialta; Systematic Factors = Gnéithe Córasacha;
Personal Factors = Gnéithe Pearsanta; Chance = Seans; Career Goals = Spriocanna Gairme**

Íomhá 1: An tSamhail de Bhád Seoil Gairme (Korkut-Owen et al., 2010).

Léirítear *gnéithe aonánacha/pearsanta* a leagadh amach thuas mar an chabhail den bhád seoil gairme. Is féidir breathnú ar an gcabhail den bhád mar an phríomh-chomhpháirt den ártach ina ndoirtar na tréithe pearsanta uile agus ina ndéanfar an turas gairme. Díreach mar a dhéanadh aon chaptaen mara meastóireacht go cúramach ar mhuiracmhainneacht a (h)árthaigh sula dtosaíonn sé/ sí ar thuras farraige fada, is bunphointe tosaigh é scrúdú a dhéanamh go cúramach ar chnuasach de spéiseanna, cumais, gnóthachtáil, pearsantacht agus gnéithe eile an duine leis an SBSG a úsáid.

Léirítear na *gnéithe sóisialta* mar an seol mór. I dtuairisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2009) leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le ról na dtuismitheoirí chun cuidiú le scoláirí cinní gairme a dhéanamh. I suirbhé a rinneadh ar scoláirí, tuairiscíodh gur chuidigh a

dtuismitheoirí leo cinntí a dhéanamh maidir lena roghanna ábhair don Teastas Sóisearach (79%), agus thuairiscigh 67% díobh gur chuidigh a dtuismitheoirí leo a n-ábhair Ardteistiméireachta a roghnú. I dtuairisc taighde eile de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2006) leag Oifigigh Rochtana an bhéim ar an ngá atá ann d'eolas na dtuismitheoirí a 'mhéadú', i.e. *'laghdú a dhéanamh ar an gclaonadh atá ag roinnt tuismitheoirí a leanaí a bhrú i dtreo cúrsa toisc go mbíonn gairm ar leith nó conair ghairme a bhfuil siad ar an eolas fúithi ag eascairt as'* (lch 114). Bíonn daoine óga plúchta le teachtaireachtaí láidre – labhartha agus tugtha le fios araon – maidir lena bhfuil inghlactha agus lena bhfuiltear ag súil leis ina roghanna oideachais agus gairme (Campbell, Ungar, agus Dutton, 2008).

Cé go bhfuil cuid mhór uirlisí ann ina bhfuiltear in ann meastóireacht ghinearálta a dhéanamh ar na gnéithe sóisialta ar nós tionchar na dtuismitheoirí, éifeacht na meán ar an rogha ghairme agus gnéithe eile, is cinnte go bhféadaí feabhas mór a dhéanamh agus uirlisí nua a fhorbairt a léiríonn níos soiléire an fhírinn maidir le cultúr na hÉireann. Mar shampla, thug Rock (2010) faoi staidéar ina ndearnadh iarracht na réamhtháscairí rúin is láidre a aithint le tabhairt faoin ardoideachas i measc sampla de scoláirí iarbhunscoile na hÉireann. Na réamhtháscairí a fiosraíodh ba ea stádas socheacnamaíoch na scoile (SSS), gairm tuismitheoirí, oideachas tuismitheoirí, inscne, struchtúr an teaghligh, agus féinifeachtúlacht acadúil. I dtorthaí an staidéir seo nochtadh gurbh é stádas socheacnamaíoch na scoile an t-aon athróg réamhtháscaire shuntasach go staitistiúil. Léirigh an fiosrú seo go raibh comhghaol dearfach idir gairm tuismitheoirí agus leibheil oideachais tuismitheoirí agus SSS na scoile agus bhí comhghaol láidir idir é seo agus rún na scoláirí le tabhairt faoin ardoideachas.

Léiríonn seol tosaigh an áirthaigh na *gnéithe bainteach le córais*. De réir an ECFE (2014) bíonn rátaí fostaíochta níos airde de ghnáth do dhaoine aonair a bhfuil leibhéal níos airde oideachais acu. In Éirinn tá post íochta ag tuairim is 79% de dhaoine a fuair oideachas tríú leibhéal ar laghad, i gcomparáid le tuairim is 35% dóibh siúd nach mbíonn oideachas iarbhunscoile sinsearach acu. Léiríonn na gnéithe seo, a léiríonn gnéithe córasacha atá difriúil i ngach tír, an buneolas atá ag teastáil ó scoláirí agus iad ag dul i mbun a spriocanna gairme a bhaint amach. Breathnaítear ar eolas an treoirchomhairleora ar na gnéithe córasacha seo mar athróg thábhachtach chun cuidiú lena scoláirí agus a dturas á phleanáil acu i dtreo gairme. Ní mór a rá nach gá go mbeadh eolas iomlán reatha agus as cuimse ag an treoirchomhairleoir ar staitisticí gairme agus poist a bheadh dodhéanta i ndáiríre. Seachas sin, bhreathnófaí ar an treoirchomhairleoir mar threoir do shuíomh nó foinsí an bhuneolais seo. San áireamh sna samplaí dá leithéid foinsí bheadh an Phríomh-Oifig Staidrimh, (2014), An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014), agus an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta (2014).

Léiríonn an ghné *Seans* a thaispeántar leis an ngaoth agus na tonnta na gnéithe nach bhfuil smacht ag an duine aonair orthu den chuid is mó nó na gnéithe seachtracha a mbeadh tionchar acu ar rogha ghairme agus dul chun cinn i dtreo sprice gairme. Cé go mbíonn an ghaoth agus na tonnta ann do mhairnéalach i gcónaí, is féidir lena n-éifeachtaí le chéile a bheith suntasach nuair a ardaíonn an ghaoth agus nuair a éiríonn an fharraige in airde. Is gnéithe tábhachtacha uile iad sruthanna, an teocht, feiniméin atmaisféaracha ar nós ceo nó oighriú farraige agus, dar ndóigh, stoirmeacha. Le leoithe chrua cuirtear dlús orainn agus sinn ag dul isteach sa chalafort agus d'fhéadfadh athruithe gaoithe a bheith ina ndúshlán do scileanna stiúrtha agus loingseoireachta duine trí thornáil leanúnach a bheith de dhíth. D'fhéadfadh gaoth láidir gan staonadh ar an tosach

stop a chur leis an dul chun cinn ar fad a dhéantar amach anseo agus b'fhéidir go mbeidh gá le calafort eile a roghnú. D'fhéadfadh coinníollacha sláinte, imeachtaí nádúrtha nó comhtharluithe nach rabhthas ag súil leis athrú iomlán a dhéanamh ar chúrsa an bháid seoil.

Measúnú ar an gComhairleoireacht Ghairme ag baint úsáide as an SBSG

Leis an SBSG táthar in ann uirlisí measúnaithe neamhfhoirmiúla/cáilíochtúla a úsáid go héasca do gach gné den tsamhail. Roinntear uirlisí agus teicnící measúnaithe go hiondúil in dhá chatagóir leithne mar fhoirmiúil (tástálacha, cainníochtúla) agus neamhfhoirmiúil (neamhthástála, cáilíochtúla). Bíonn buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis an dá cheann díobh seo. Na buntáistí a bhaineann le measúnuithe foirmiúla ná torthaí níos praiticiúla a chur ar fáil i dtréimhse ama ghearr. Bíonn sé níos éasca sonraí a bhailiú ó ghrúpa mór ach tá siad teoranta toisc go ndéanann siad neamhaird de dhifríochothaí ar leith agus de mhínithe pearsanta. Na buntáistí a bhaineann le measúnuithe neamhfhoirmiúla ná an costas íseal, má bhíonn costas ar bith i gceist, a bhaineann leo agus go bhfuil siad ar fáil go héasca. Chomh maith leis sin, b'fhéidir nach mbeadh an méid céanna ama de dhíth chun iad a riar mar a bheadh ag measúnuithe foirmiúla agus b'fhéidir nach mbeidh an méid céanna imní ar na scoláirí mar gheall orthu. Srian ollmhór de mheasúnuithe neamhfhoirmiúla is ea nach mór a bheith cúramach ag tabhairt faoin bpróiseas léirmhínte.

Measúnú neamhfhoirmiúil

Leis an measúnú neamhfhoirmiúil tá an deis ann do scoláire foghlaim faoi/ fúithi féin ag baint úsáide as modhanna atá solúbtha, oscailte, neamhbhreithiúnach, agus spraíúil. Tugann Isaacson agus Brown (1993) le fios go bhfuil paraiméadair nach bhfuil chomh docht sin timpeall an mheasúnaithe cháilíochtúil i gcomparáid leis an measúnú cainníochtúil sa chaoi is nach mbeidís faoi theoir sraithe caighdeánaithe de threoracha agus tá beagán scórála, má tá scóráil ar bith, i gceist leis. Áit a bhfuil scóráil i gceist de ghnáth is scóráil shuibiachtúil atá ann. Deir Savickas (1992) go leagann an measúnú cáilíochtúil béim ar an gcaidreamh comhairleoireachta seachas ar sholáthar na seirbhíse. Mar shampla, bíonn an scoláire i bhfad níos rannpháirtí sa phróiseas treoirchomhairleoireachta de réir mar a bhíonn an measúnú bunaithe ar a dtaithí saoil ar a bhfuil siad ina saineolaí, agus óna bhfuil scéal acu le hinsint. Mar sin, ardaíonn suíomh an scoláire sa chaidreamh ó cheann mar fhreagróir éighníomhach go dtí ceann mar fhreagróir gníomhach.

De réir mar a úsáideann treoirchomhairleoirí an measúnú cáilíochtúil níos mó leis an mbogadh iar-nua-aoiseach ón oibiachtúlacht go dtí an tsuibiachtúlacht nó ó scóir go dtí scéalta (Savickas, 1993), cinnteofar leis seo go ndéanfar cur síos difriúil ar an gcaidreamh comhairleoireachta gairme agus go laighdeofar an bhearna idir an chomhairleoireacht phearsanta agus an chomhairleoireacht ghairme. Go bunúsach, is é atá i gceist leis an measúnú cáilíochtúil ná chun spreagadh a thabhairt do scoláirí a scéalta gairme féin a insint agus a ngairmeacha suibiachtúla agus téamaí saoil a nochtadh. De réir Peavy (1998) bíonn an phribhléid ag treoirchomhairleoirí éisteacht le cuid mhór scéalta agus scrípteanna agus ansin a bheith rannpháirteach leis na scéalaithe sa tasc chun iad a athchruthú i dtreo todhchaí atá níos fearr. Dá bhrí sin, gníomhaíonn treoirchomhairleoirí a bhíonn ag éisteacht le haghaidh téamaí saoil agus scéalta níos mó mar

bheathaisnéisithe a bhaineann ciall as an dul chun cinn sa saol seachas mar achtúirí a dhéanann spéiseanna agus cumais a chomhaireamh, dar le Savickas (1992). Leis an measúnú cáilíochtúil is gá don treoirchomhairleoir a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas ón tús go dtí an deireadh. I gcomparáid le huirlisí tástála caighdeánaithe, ní bhíonn lámhleabhar teoracha in éineacht leis an gcuid is mó de ghníomhaíochtaí measúnaithe cháilíochtúil. Tugann McMahan agus Patton (2002) roinnt moltaí do theoirchomhairleoirí ar mian leo níos mó úsáide a bhaint as an measúnú cáilíochtúil ina gcuid oibre le scoláirí. Molann siad na nithe seo a leanas:

- an measúnú cáilíochtúil a dhéanamh oiriúnach don scoláire agus gan an scoláire a dhéanamh oiriúnach don mheasúnú,
- an t-ábhar a tharraingt anuas maidir le húsáid a bhaint as gléas measúnaithe cháilíochtúil go coinníollach, go measúil, agus go heolasach,
- a aithint gur saincheart an scoláire é a bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht,
- an ghníomhaíocht a mhioncheistiú/a phróiseáil,
- cuireadh a thabhairt le haghaidh aiseolais ar na próisis measúnaithe cháilíochtúil.

Tugann siad le fios freisin go mb'fhéidir go mbeadh gléasanna measúnaithe cháilíochtúil le hathrú ó scoláire go scoláire le bheith in oiriúint dá riachtanais ar leith.

Roinnt acmhainní do theicnící neamhfhoirmiúla

Tá roinnt uirlisí measúnaithe ghairme neamhfhoirmiúla le fáil sna leabhair atá liostaithe sa leabharliosta don alt seo (Amundson, Poehnell, agus Pattern, 2005, Niles agus Harris-Bowlsbey, 2013); agus suíomhanna gréasáin Ollscoileanna (e.g., Columbia University Center for Career Education, 2014, Camosun College, Counselling Centre 2014; Scholarsbank of Oregon University, 2014). Tugann Goldman (1992) le fios gur féidir le treoirchomhairleoirí a bpróisis measúnaithe cháilíochtúil féin a fhorbairt i gcomhréir le riachtanas a scoláirí, leibhéal forbartha, réadúlachtaí cultúrtha agus polaitiúla-dlíthiúla. I dTábla 1 cuirtear roinnt teicnící neamhfhoirmiúla i láthair agus an chaoi ina bhféadfaí iad a úsáid.

Tábla 1: Roinnt teicnící neamhfhoirmiúla

Is é is dóichí gurb iad *cineálacha cártaí* an cineál is coitianta den mheasúnú cáilíochtúil atá ar fáil do threoirchomhairleoirí gairme. Baintear úsáid choitianta as ar a dtugtar 'cineál cárta' go forleathan mar theicníc mheasúnaithe agus chomhairleoireachta le chéile a spreagann scoláirí a roghanna sainiúla a chur in iúl nuair a chuirtear eolas simplí agus éasca faoina mbráid. Leis an teicníc cineálacha cártaí iarrtar sa ghnáthshlí ar scoláirí breithiúnais a dhéanamh d'earraí spreagthacha a bhíonn le feiceáil ar chártaí. B'fhéidir go n-iarrfaí ar scoláirí athbhreithniú a dhéanamh ar phaca cártaí ina bhfuil teideal gairme ar taispeáint ar gach cárta agus ansin iad a chur in dhá charnán nó níos mó de réir mar is spéis leo iad. Dírionn an chuid is mó de na cineálacha cártaí ar ábhar ar leith, mar shampla ar ghairmeacha, luachanna oibre nó spreagadh (Knowdell, 2014).

Is é atá i gceist le *Seicliostaí* ná sraith ábhar a d'fhéadfadh baint a bheith acu le rogha suímh oibre, tréithe poist, tascanna oibre, luachanna oibre, nó scileanna an duine aonair. D'fhéadfadh

treoirchomhairleoir a leithéid seicliosta a fhorbairt, nó d'fhéadfaidís—le cead—ceann a d'fhorbair duine éigin eile a fháil ar iasacht. (Niles agus Harris-Bowlsbey, 2013).

Géineagram: D'fhéadfadh géineagram, crann ginealaigh, nó crann gairme na patrúin a nochtadh de thionchar an teaghlaigh ar scoláire. Mar shampla, d'fhéadfaí eolas a bhailiú ar luachanna an teaghlaigh maidir le ról inscne nó oideachais, an cineál tacaíocht teaghlaigh atá ann, cúlra socheacnamaíoch agus eitneach, agus patrúin an teaghlaigh maidir le cinntí a dhéanamh agus le bheith ag déileáil le haistriú (Okocha, 1998).

Cluichí: Is féidir cluiche a úsáid le grúpaí beaga nó móra le go mbeidh daoine aonair ar an eolas faoi réadúlachtaí a bhaineann le rogha agus pleanáil ghairme. Mar chuid de chluiche den sórt sin, b'fhéidir go n-iarrfaí ar dhuine aonair ról ar leith a bheith aige/ aici i dtimpeallacht spreagtha nó a bheith faoi réir deiseanna agus buillí éagsúla atá léirithe ar an gchlár cluiche (Niles agus Harris-Bowlsbey, 2013).

Líne Ama/Bheatha: Má chuirtear línte ama/beatha le chéile bíonn siad úsáideach chun cuidiú le scoláirí athbhreithniú a dhéanamh ar stair a saoil. Is é atá i gceist leis an teicníc seo ná machnamh a dhéanamh ar na príomhimeachtaí sa saol agus sa ghairm agus ansin na hamanna maithe agus tréimhsí míshuaimhnis a leagan amach. Má shamhlaítear imeachtaí dearfacha agus diúltacha táthar ag súil mothú iomláine agus leanúnachais na scoláirí a mhéadú (Amundson, 1998). Má bhíonn líne ama/bheatha curtha le chéile go maith, d'fhéadfadh patrúin agus téamaí ghairm saoil an scoláire a bheith níos feiceálaí.

Fantaisíocht Ghairme: Is é atá i gceist le fantaisíocht ghairme ná gníomhaíocht ina n-iarrann treoirchomhairleoir ar dhuine amháin nó níos mó scíth a ligean, a súile a dhúnadh, agus a rogha lae a shamhlú ina bhfuil am ag láthair oibre i gceist, mar shampla (Niles agus Harris-Bowlsbey, 2013).

Cuimhne Cinn: Insíonn cuimhní cinn luatha na scoláirí cuid mhór go minic faoi bhuntreo agus bunaidhm iompar an duine agus an dearcadh atá aige/ aici ar an saol. Tá cuir chuigí ina bhfuil scéalta i gceist ag déanamh dul chun cinn i saol na comhairleoireachta gairme. Agus an ghníomhaíocht á próiseáil, an sprioc atá ann do na scoláirí ná a téamaí saoil a a dhéanamh amach agus plé a dhéanamh ar an gcaoi ina ndéanfar iad a fhorbairt sa todhchaí (Smith-Keller, 2007).

Is é atá i gceist le *mapa saoil-spáis* (Peavy, 1998) ná líníocht nó léaráid lena mbíonn an scoláire agus an treoirchomhairleoir ag obair le chéile chun smaointe agus mothúcháin an scoláire a léiriú i bhfoirm fhísiúil. Ba chóir go mbeadh an próiseas solúbtha, agus ba chóir an duine a spreagadh le siombailí, íomhánna, meafair, íocóin a tharraingt, a úsáid, nó le focail nó abairtí gearra a scríobh.

Is é atá i gceist le *rogha éigeantach gníomhaíochta* ná ceann ina n-iarrtar ar an duine aonair rogha a dhéanamh idir dhá rogha atá measartha éagsúil lena chéile nó trí ghníomhaíocht nó níos mó a chur in ord. D'fhéadfadh an cineál measúnaithe seo a bheith in úsáid i luachanna oibre, tréithe poist, agus suíomhanna oibre (Niles agus Harris-Bowlsbey, 2013).

Fardail fhéintuairisce (ceistneoir): Is é atá i gceist le fardal féintuairisce ná cineál tástála agus cuirtear é i láthair go minic i bhformáid páipéir agus pinn luaidhe nó d'fhéadfaí é a riar ar ríomhaire fiú. I ngnáthfhardal féintuairisce cuirtear i láthair líon ceisteanna nó ráiteas a dhéanfadh nó nach ndéanfadh cur síos ar cháilíochtaí nó tréithe ar leith d'ábhar na tástála a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an ngairm.

Meafair: Is é atá i gceist le meafar ná fíor chainte ina mbaintear úsáid as dhá smaointe le chéile nach mbaineann le chéile ar bhealach ina ndéantar ceann amháin de na smaointe a fhorluí agus bíonn sé mar shainmhíniú ar an gceann eile (Amundson, 1997). Trí úsáid a bhaint as meafair chuideoidís le treoirchomhairleoirí na scoláirí a spreagadh chun smaoinemh lasmuigh dá bhfráma reatha. Bíonn an claonadh ag daoine aonair an dearcadh atá acu ar an saol nó ar ghairmeacha a struchtúru timpeall raon meafar a bhíonn sách cúng. Is féidir meafair a úsáid mar uirlis léirmhínteach chun cuidiú le daoine aonair ciall a bhaint as a scéal gairme féin (Inkson agus Amundson, 2002).

Ar bhealach, tá na straitéisí seo cosúil leis na huirlisí a bhaineadh ceardaí úsáid astu agus saothar nua á chur le chéile aige/ aici (Poehnell agus Amundson, 2002). Le bheith go maith ag a c(h)eird ní mór go mbeadh an fhoireann cheart uirlisí ag an duine agus fíis maidir lena mbeadh indéanta (féach Aguisín 1).

Conas is féidir an SBSG a úsáid?

Cuirtear scoláirí ar an eolas faoin samhail seo nuair a thosaíonn siad leis an bpróiseas treoirchomhairleachta. Léirítear an coincheap den rogha agus forbairt ghairme mar thuras atá le déanamh agus duine ag iarraidh teacht chuig a rogha calafoirt. Laistigh den smaoinemh seo socraítear na riachtanais mheasúnaithe ar leith den scoláire agus cruthaítear na huirlisí measúnaithe leis an eolas riachtanach a thabhairt don scoláire chun foghlaim conas a b(h)ád féin a sheoladh. Tá i bhfad níos mó ná díreach ceann scríbe a aithint ag teastáil don phróiseas den turas a dhéanamh agus baintear úsáid as teicnící neamhfhoirmiúla chun cuidiú leis an scoláire scileanna nua a bhaint amach agus léargas a fháil ar an bpróiseas maidir le calafort cinn scríbe a roghnú, an turas a phleanáil, an bealach a dhéanamh go stuama agus foghlaim faoin gcaoi le bheith ag súil le deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht aníos. Sa phróiseas seo baintear úsáid as na próisis comhairleoireachta gairme uile lena n-airítear féineolas, féidearthachtaí oideachais/gairmiúla a aithint agus planáil cinntí/gairme. Tá cás-staidéar curtha ar fáil (féach Aguisín 2).

Bíonn scéalta gairme, láidreachtaí agus laigí éagsúla, agus nósanna imeachta próiseála éagsúla ag gach scoláire maidir le cinneadh a dhéanamh faoi ghairm. Ag deireadh an phróisis déanann na scoláirí an cinneadh maidir leis an gcalafort atá siad ag iarraidh a bhaint amach agus bíonn tuairim gharbh acu ar a laghad ar an gcaoi le planáil a dhéanamh lena leithéid turais a chur i gcrích. De réir choinníollacha a mbáid seoil shocróidís dul chuig calafoirt éagsúla a sheasann do ghairmeacha nó grúpa gairmeacha éagsúla. In Éirinn leantar Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta de Ghairmeacha (ACIG) (An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, 2010) a chuireann aicmithe gairme éagsúla ar fáil agus is féidir iad a úsáid mar ainmneacha calafoirt.

Plé agus Conclúid

Bunaíodh an SBSG ar an bpróiseas cinnteoireachta a a thagann chun cinn laistigh de cheithre ghné idirghaolmhara (aonánach, sóisialta, athróga bainteach le córais agus seans). Is féidir le treoirchomhairleoirí sraith uirlisí measúnaithe neamhfhoirmiúla a fhorbairt agus a chur in oiriúint leis na gnéithe seo a fhiosrú. Agus an tsamhail seo in úsáid, is féidir le scoláirí iarbhunscoile a dtréithe báid seoil a fhíorú agus is féidir leo tús a chur leis an turas chuig an gcalafort (gairm) atá siad ag iarraidh a bhaint amach. Le linn an turais seo, ós rud é gur féidir le coinníollacha athrú, spreagtar na daoine aonair le measúnú a dhéanamh ar a suíomh féin agus a bheith ar an eolas go bhfuil seans ann nach mbeidh an ceann scríbe deiridh a bhaineann siad amach an ceann a roghnaigh siad ar dtús. Ar nós mairnéalaigh mhaithe, ní mór go mbeadh an ábaltacht ag duine a bheith solúbtha leis an turas a chur i gcrích i gceart. Ba chóir a chur i gcuimhne go bhfuil dhá rud de dhíth don turas; ceann scríbe agus modhanna chun í a bhaint amach. D'fhéadfadh an ceann scríbe forbairt agus athrú ach sa tsamhail tá bealaí san áireamh le meastóireacht a dhéanamh ar bhail an bháid agus é a dhéanamh chomh láidir agus chomh hinseolta agus is féidir nuair a phleanálann an duine an turas a thosú.

Beathaisnéis

Fidan Korkut-Owen, Ph.D., is ea ollamh ar scor den Chlár Comhairleoireachta ag Hacettepe University, Ankara, An Tuirc. Ba ollamh ar cuairt é an Dr Korkut-Owen ag Ollscoil North Carolina in Greensboro agus ag Ollscoil Morehead State. I measc a spéiseanna taighde tá na réimsí de chosc, folláine, oideachas treoirchomhairleora, agus comhairleoireacht ghairme. Tá sí mar eagarthóir ar Irisleabhar Comhairleoireachta agus Treorach Síceolaíochta na Tuirce ó 2009. Is teagascóir cáilithe Éascaitheora Dhomhanda um Fhorbairt Gairme í.

Selen Demirtas-Zorbaz is ea cúntóir taighde in Ollscoil Hacettepe, an Tuirc. Tá céim bhaitisiléara aici sa chomhairleoireacht ó 2008 agus fuair sí céim Mháistir in 2011. Tá sí i mbun a tráchtas PhD a chur i gcrích a bhaineann le bheith ag teacht isteach ar scoil do scoláirí bunscoile. D'oibrigh sí freisin mar rúnaí oideachais i gCumann Comhairleoireachta agus Treorach na Tuirce ó 2010 go 2013. Fuair sí scoláireacht ó Chomhairle Ardoideachais na Tuirce agus tháinig sí go dtí Ollscoil Michigan Thoir mar scoláire ar cuairt.

Tansu Mutlu-Süral is ea iarrthóir Ph.D. sa Chomhairleoireacht agus Treoir Shíceolaíochta (CTS) in Ollscoil Theicniúil an Mheánoirthir, Ankara, an Tuirc. Tar éis BA a bhaint amach le honóracha san CTS ó Ollscoil Ankara, fuair sí céim MA sa chlár céanna ó Ollscoil Hacettep. Le ceithre bliana anuas tá sí ag obair mar chúntóir taighde agus teagaisc sa chlár CTS in Ollscoil Eskişehir Osmangazi University. I measc a spéiseanna príomhthaighde tá an chomhairleoireacht ghairme, an tsíceolaíocht dhearfach, an t-oideachas treoirchomhairleora, mairseacht, agus córais treoirchomhairleoireachta ríomhchuidithe.

Nótaí Buíochais

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis an Déan W. Owen as ucht a chuid aiseolais ar an lámhscríbhinn seo.

Tagairtí

- Amundson, N. (1997). Myths, metaphors, and moxie: The 3Ms of career counseling, *Journal of Employment Counseling*, 2, 76-84.
- Amundson, N. (1998). A model of career training in international contexts. *Orientación y Sociedad*, 8, 1-9.
- Amundson, N., Poehnell, G., & Pattern, M. (2005). *Careerscope: Looking in, looking out, looking around*. Richmond, BC: Ergon Communications
- Bandura, A., Barbaranelli, C., Caprara, G.V., & Pastorelli, C. (2001). Self-efficacy beliefs as shapers of children's aspirations and career trajectories. *Child Development*, 72, 187-206.
- Bright, J., Pryor, R. & Harpham, L. (2004). The role of chance events in career decision making, *Journal of Vocational Behavior*, 66 (3), 561-576.
- Bronfenbrenner, U. (1994). Ecological models of human development. Aisghafa 8 Meán Fómhair 2010 ó <http://www.psy.cmu.edu/~sieglar/35bronfenbrenner94.pdf>
- Camosun College, Counselling Centre (2014). Career assessment <http://camosun.ca/services/counselling/documents/camosun-career-assessment.pdf>
- Campbell, C., Ungar, M., & Dutton, P. (2008). *The decade after high school: A parents' guide*. Toronto: The Canadian Education and Research Institute for Counselling. Aisghafa 16 Iúil 2014 ó <http://www.ceric.ca/documents/The%20Decade%20After%20High%20School%20-%20eParentsGuide.pdf>
- Central Statistics Office (2014). Central Statistics Office, Aisghafa 2 Lúnasa 2014 ó <http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/lr/liveregisterjuly2014/#.U95Y1E10zV0>
- Columbia University Center for Career Education (2014). Career resources. Aisghafa 2 Lúnasa 2014 ó <http://www.careereducation.columbia.edu/resources>
- Cook, E. P., Heppner, M. J., & O'Brien, K. M. (2002). Career development of women of color and white women: Assumptions, conceptualization, and interventions from an ecological perspective. *Career Development Quarterly* 50(4), 291-305.
- Cook, E. P., Heppner, M. J., & O'Brien, K. M., (2005). Multicultural influences in women's career development: An ecological perspective. *Journal of Multicultural Counseling and Development* 33(3); 165-179.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014). Ardoideachas. Aisghafa 21 Iúil 2014 ó <http://www.education.ie/en/The-Education-System/Higher-Education/>
- An Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta (2014). Fostaíocht, Aisghafa 1 Lúnasa 2014 ó <http://www.djei.ie/sitemap/employmentrights.htm>
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005). Guidelines for Second-Level Schools on the Implications of Section 9(c) of the Education Act 1998, Relating to Students' Access to Appropriate Guidance. Aisghafa 12 Meitheamh 2014 ó http://www.ncge.ie/uploads/pp_guidelines_second_level_schools_9c.pdf
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2006). *Review of guidance in second level school* Aisghafa 12 Meitheamh 2014 ó <http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/Review-of-Guidance-in-Second-Level-Schools.pdf>
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2009). *Looking at guidance*, Aisghafa 12 Meitheamh 2014 http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/insp_looking_at_guidance_pdf.pdf
- Donnay, D. A. C., & Borgen, F. H. (1996). Validity, structure, and content of the 1994 Strong Interest Inventory. *Journal of Counseling Psychology*, 43, 275-291. doi:10.1037/0022-0167.43.3.275

- Ferry, N. M. (2006). Factors influencing career choice of adolescents and young adults in rural Pennsylvania. *Journal of Extension*, 44(3), Article Number 3RIB7. Aisghafa 14 Iúil, 2014 ó <http://www.joe.org/joe/2006june/rb7p.shtml>
- Goldman, L. (1992). Qualitative assessment: An approach for counselors. *Journal of Counseling and Development*, 70, 616-621.
- Holland, J. L. (1959). A theory of vocational choice. *Journal of Counseling Psychology*, 6(1), 35-45. <http://dx.doi.org/10.1037/h0040767>
- Inkson, K., & Amundson, N. (2002). Career metaphors and their application in theory and counselling practice. *Journal of Employment Counseling*, 29, 98-108.
- International Labor Organization (2010). ISCO International Standard Classification of Occupations. Aisghafa 12 Lúnasa 2014 ó <http://www.ilo.org/public/english/bureau/stat/isco/isco08/>
- Isaacson, L. E., & Brown, D. (1993). *Career information, career counseling, and career development* (5ú heagrán). NY: Allyn & Bacon.
- Knowdell, R. L. (2014). Knowdell career assessment instruments, Aisghafa 1 Lúnasa 2014 ó http://www.careernetwork.org/Career_Assessments.cfm
- Korkut-Owen, F. (2008). Meslek seçimini etkileyen etmenler [Na gnéithe a bhíonn tionchar acu ar rogha ghairme] (Ed. R. Özyürek) *Mesleki Yolculuk* [Career Journey] (lgh 1-16), Ankara: Ulusal Ajans.
- Korkut-Owen, F. , Açikel, M., Arıcı, F., Çağ, P., Demirtaş, S., Emir, E. (2010). Kariyer danışmanlığı için bir model önerisi: Kariyer Yelkenlisi Modeli, [Samhail mholta don chomhairleoireacht ghairme: Samhail de Bhád Seoil Gairme], 12. *Rehberlik Sempozyumu*, AREL Okulları, İstanbul, 27 Mart 2010.
- Korkut-Owen, F. , Arıcı, F., Demirtaş–Zorbaş, S., & Mutlu, T. (2014). *Using the Career Sailboat Model to facilitate career planning and decision-making with young adults*. http://www.ncda.org/aws/NCDA/pt/sd/news_article/84862/PARENT/layout_details_cc/false#sthash.RL95JziP.dpuf
- McMahon, M., & Patton, W. (2002). Using qualitative assessment in career counselling. *International Journal of Educational and Vocational Guidance*, (1), 51-66.
- Mitchell, K.E., Levin, A.S. & Krumboltz, J.D. (1999). Planned Happenstance: Constructing unexpected career opportunities. *Journal of Counselling and Development*, 77(2), 115-24.
- An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, LNTO (2004). *Planning the school guidance Programme*, Aisghafa 16 Meitheamh 2014 ó http://www.ncge.ie/uploads/Pl_Sch_Gui_prog_leaf.pdf
- Niles, S.G. & Harris-Bowlsbey J. (2013). *Career development interventions in the 21st century* (4ú hEagrán). New Jersey: Pearson.
- An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (2014). *ECFE better life index: Ireland*. Aisghafa 1 Lúnasa 2014 from <http://www.oecdbetterlifeindex.org/countries/ireland/>
- An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (2002). *ECFE review of career guidance policies: Ireland country note*. Aisghafa 1 Lúnasa 2014 ó www.ncge.ie/uploads/OECD.doc.pdf
- Okocha, A. A. G. (1998). Using qualitative appraisal strategies in career counselling. *Journal of Employment Counselling*, 35, 151-159.
- Patton, W. (2005). A postmodern approach to career education: What does it look like? *Perspectives in Education* 23(2), 21-28.

- Patton, W. & McMahon, M. (2006). The systems theory framework of career development and counselling: Connecting theory and practice. *International Journal for the Advancement of Counselling* 28(2)153-166.
- Peavy, R. V. (1998). *SocioDynamic Counselling. A Constructivist Perspective*. Victoria, BC, Canada: Trafford.
- Poehnell, G. & Amundson, N. (2002). CareerCraft: Engaging with, energizing, and empowering career creativity. Eds. M. Peiperl, M. Arthur and N. Anand. (lgh 105-122) *Career creativity: Explorations in the remaking of work*. Oxford, UK: Oxford University Press.
- Rock, C. (2010). Irish secondary school students' intention to pursue higher education: An investigation to identify the strongest predictors, *Student Psychology Journal*, 1, 77-93. Aisghafa 18 Iúil ó http://psychology.tcd.ie/spj/past_issues/issue01/Empirical%20Studies/IRISH%20SECONDARY%20SCHOOL%20STUDENTS%20INTENTION%20TO%20PURSUE%20HIGHER%20EDUCATION%20AN%20INVESTIGATION%20TO%20IDENTIFY%20THE%20STRONGEST%20PREDICTORS.pdf
- Savickas, M. L. (1991). The meaning of work and love: Career issues and interventions. *Career Development Quarterly*, 39, 315-324.
- Savickas, M. L. (1992). New directions in career assessment. In D. H. Montross & C. J. Shinkman (Eds.), *Career development: Theory and practice* (lgh 336–355). Springfield, IL: Charles C Thomas.
- Savickas, M, L. (1993). Career counseling in the postmodern era. *Journal of Cognitive Psychotherapy: An International Quarterly*, 7, 205-215
- Scholarsbank of Oregon University (2014). *Thinking about your future jobs or career: A questionnaire*. Aisghafa 22 Iúil 2014 ó <https://scholarsbank.uoregon.edu/xmlui/bitstream/handle/1794/1032/Careersquestionnaire.doc?sequence=9>
- Smith-Keller, K. (2007). -The role of early recollections in career counselling, 10/01/2007 http://www.ncda.org/aws/NCDA/pt/sd/news_article/5394/_PARENT/layout_details_cc/false#sthash.lmk6LTxa.dpuf
- Super, D.E. (1980). A life span life space approach to career development. *Journal of Vocational Behavior*, 16(3), 282-298.
- Tang, M., Pan, W., & Newmeyer, M.D. (2008). Factors influencing high school students' career aspirations, *Professional School Counselling*, 11, 285-295. Aisghafa 18 Iúil 2014 ó <http://www.biomedsearch.com/article/Factors-influencing-high-school-students/180860877.html>
- Tiedeman, D. V., & O'Hara, R. (1963). *Career development: Choice and adjustment*. Nua-Eabhrac: College Entrance Examination Board.
- Watts, A. G. (2004). Why career development matters? CareersEngland. Aisghafa 18 Iúil 2014 from http://career.ibu.edu.ba/assets/userfiles/career/why_career_development_matters.pdf
- Watts, T. (2003). *Working connections: ECFE observations*. Ottawa: Canadian Career Development, Canada
- Whiston, S.C. & Keller, B.K. (2004). The influences of the family of origin on career development: A review and analysis, *The Counselling Psychologist* 2004; 32; 493-568 DOI: 10.1177/0011000004265660
- Young, R. A., Marshall, S. K., & Valach, L. (2007). Making career theories more

culturally sensitive: Implications for counselling. *The Career Development Quarterly*, 56(1), 4-18, Aisghafa 14 Iúil 2014, <http://www.counselling.org/docs/david-kaplan's-files/young-r-.pdf?sfvrsn=2>

Aguisín 1

Ag Obair le Daoine Eile/ Ag Freastal ar Dhaoine Eile

Pointe Tosaigh:

Ag labhairt leis na rannpháirtithe maidir lena bhfuil a fhios acu nó nach bhfuil a fhios acu cén daonra lenar mhaith leo a bheith ag obair.

Aidhm an Chleachtaidh:

Faigh tuiscint agus déan imscrúdú ar an gcineál daoine a bhfuil sé éasca a bheith ag obair leo.

Réasúnaíocht (cén fáth a bhfuil tábhacht leis an ábhar):

Is féidir le roinnt scoláirí nuair a thugann siad cuairt ar institiúidí éagsúla chun críocha difriúla, foghlaim faoi shuíomhanna oibre éagsúla. B'fhéidir gur tháinig roinnt díobh ar ais ón gcúairt seo agus iad breá sásta agus b'fhéidir gur fhill roinnt díobh a rá go bhfuair siad amach nach bhféadfaidís a bheith ag obair ina leithéid d'áit nó lena leithéid daoine.

Cuspóirí Foghlama:

Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoinár rogha daoine le bheith ag obair leo, mar a dúirt Bolles (1998).

Ábhair:

Tugtar An Cheistneoir Ag Obair le Daoine Eile ar an liosta de ráitis faoi na cineálacha éagsúla daoine.

Rannpháirtithe:

Scoláirí sinsearach a iarbhunscoile, mic léinn ollscoile agus daoine fásta.

Suíomh:

Is féidir é a úsáid i seomraí ranga le seisiúin chomhairleoireachta ghrúpa nó aonair.

An tAm atá De Dhíth:

D'fhéadfadh sé maireachtáil ar feadh 50 nóiméad ar an iomlán: Díreach 10-15 nóiméad leis an bhfoirm a chomhlánú, ach d'fhéadfadh comhroinnt agus plé ar na torthaí maireachtáil níos faide.

Lecturette (eochairphointí gearra):

Tá an cleachtadh deartha chun ligean do rannpháirtithe imscrúdú a dhéanamh ar na cineálacha agus na sóirt daoine lenar mhaith leo a bheith ag obair sa todhchaí. Ar an bhfoirm thíos tá ceistneoir de 15 mhír agus 5 cineál Likert. Déanann siad iad féin a rátáil agus smaoiníonn siad i ndáiríre maidir lena bhfuil ag teastáil uathu.

Ceistneoir Ag Obair le Daoine Eile

Rátáil do fhreagairt phearsanta le do thoil ó (1) Easaontaím go hiomlán go (5) Aontaím go hiomlán.

1. ___ Ceapaim gur féidir liom obair le leanaí/daoine óga atá faoi chúram an stáit.
2. ___ Mothaím compordach le daoine aosta.
3. ___ Tá spraoi i gceist le bheith ag obair le leanaí, dar liom.
4. ___ Tá sé éasca dom cumarsáid a dhéanamh le déagóirí agus a bheith le déagóirí.
5. ___ Ceapaim go bhfuil sé spéisiúil a bheith ag obair le daoine faoi mhíchumas.
6. ___ Ba bhreá liom a bheith ag cuidiú agus ag obair le daoine bochta.
7. ___ Seachas a bheith ag obair le grúpa, b'fhéarr liom a bheith ag obair ar bhonn aonair.
8. ___ Tá an-spraoi ag baint le bheith ag obair le leanaí atá an-óg.
9. ___ Creidim go bhfuil sé éasca a bheith ag obair le mic léinn coláiste.

10. ___ Is féidir leis a bheith an-éasca agus an-chompordach trí bheith ag obair le daoine saibhre.
11. ___ B'fhearr liom a bheith ag obair le daoine oilte.
12. ___ Tá sé éasca domsa a bheith ag obair le daoine sláintiúla.
13. ___ Táim compordach le daoine fásta
14. ___ Bheinn compordach le daoine óga atá i mbaol.
15. ___ Creidim go bhféadfainn obair le daoine de chiníocha, dathanna agus reiligiúin éagsúla.

Ceisteanna plé:

Cad iad na míreanna a bhí inghlactha go mór? Cad a thug tú faoi deara?

Cé hiad na cineálacha daoine lena mhaith leat a bheith ag obair sa todhchaí?

Conas is féidir leis tionchar a imirt ar do rogha ghairme?

Arn fhorbairt ag: Korkut (2007).

Tagairt: Bolles, R.N. (1998). The what color is your parachute workbook. Berkeley: CA, Ten Speed Pres

Arna fhoilsiú ag: <http://lifeworkps.com/sallyg/weblog/2330.html>

Aguisín 2

Cás-staidéar

Ba mhac léinn ollscoile mhná 22 bliana d'aois í an cliant a bhfuil an innealtóireacht mhianadóireachta á déanamh aici mar phríomhábhar. Bhí an cliant seo a chuir í féin ar aghaidh inníoch maidir lena todhchaí ags léirigh sí amhras suntasach maidir leis an innealtóireacht a roghnú mar an réimse ina bhféadfadh sí a bheith sásta go hiomlán. Bhí an cliant ag ceithre sheisiún ar an iomlán agus lena linn úsáideadh an tSamhail de Bhád Seoil Gairme mar mhodh le dul chun cinn na seisiún a threorú. I rith an phróisis chomhairleoireachta bhain an comhairleoir úsáid as roinnt tástálacha neamhfhoirmiúla chun éascaíocht a dhéanamh ar an tuiscint atá aici ar a tréithe aonair agus sóisialta, an t-eolas atá aici ar na réadúlachtaí córasacha agus go bhfuil na gnéithe seans ann. Is é seo a leanas achoimre ar an gcás.

An Fhadhb a Léiríodh: Tháinig sí le haghaidh comhairleoireachta mar iarracht chun déileáil lena héiginnteacht maidir le cúrsaí gairme. Ar dtús léirigh sí go raibh fonn uirthi athrú óna roinn san ollscoil agus dul i mbun cláir sa diaitéitic. Mhínigh sí go ndearna sí staidéar ar innealtóirí mianaigh díreach lena tuismitheoirí a shásamh. Anois thosaigh sí ag déanamh athmhachnaimh ar an rogha a rinne sí arís. Dúirt sí go mb'fhéarr léi a bheith ina diaitéiteach seachas a bheith ina hinnealtóir, mar gur mhaith léi post a bheith aici le bheith in ann am a chaitheamh lena baill teaghlaigh agus lena cairde. Bhí sí ag smaoineamh dá mbeadh sí ina hinnealtóir nach mbeadh dóthain ama aici chun am a chaitheamh le daoine. Ní raibh a fhios aici cé acu ceann de na poist innealtóireachta a bheadh níos fearr di agus mar gheall ar an éiginnteacht seo thosaigh sí ag cur ceisteanna ar chóir di fanacht san innealtóireacht agus a chéim a bhaint amach nó ar chóir di b'fhéidir athrú go dtí réimse atá go hiomlán difriúil. Léirigh sí an fonn a bhí uirthi feabhas a chur ar a scileanna cinnteoireachta agus réiteach a fháil maidir lena n-ábhair inní.

Gné Aonair: Rinne sí cur síos uirthi féin mar dhuine mór comhluadair agus *taitníonn* sé léi a bheith i measc daoine. Bhí intéirneacht díreach críochnaithe aici i gcuideachta mhór agus thuairiscigh sí gur taithí dhearfach a bhí ann agus mar gheall air seo cuireadh leis an léargas a bhí aici ina cumais phearsanta agus tréithe pearsanta. Tar éis a taithí intéirneachta a chríochnú thuig sí go raibh sí ag iarraidh a bheith ag obair in áit ina mbeadh an deis aici caidreamh agus comhoibriú a dhéanamh lena comhghleacaithe. Seachas an fonn a léiriú de bheith ag obair go dlúth le daoine eile níor thuig an cliant den chuid is mó a luachanna gairme ná a hionchais ghairme. Chinn an comhairleoir obair a dhéanamh ar a luachanna gairme agus baineadh úsáid as dhá theicníc tástála neamhfhoirmiúla. Iarradh ar an gcliant ar dtús liosta a chruthú de na roghanna fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil di lena céim innealtóireachta agus ansin an dara liosta a dhéanamh de na rudaí ar mhaith léi a bhaint amach as a cuid oibre sa todhchaí. Trí anailís chúramach a dhéanamh ar an dá liosta seo cuireadh deiseanna ar fáil le plé a dhéanamh ní hamháin ar a luachanna oibre ach ar an eolas fíorasach atá aici faoi na coinníollacha oibre a bhaineann le gairmeacha san innealtóireacht mhianadóireachta. Mar an dara cleachtadh, baineadh úsáid as teicníc shamhailteach faoi threorú gairmeacha chun cuidiú leis an gcliant a

bheith níos mó ar an eolas faoin nasc idir gairm agus an saol pearsanta. Tar éis úsáid a bhaint as an gcleachtadh seo, fuair sí tuiscint níos mó ar a luachanna gairme agus d'aithin sí go bhféadfadh sí lena bhfuil sí ag súil a bhaint amach dá mbeadh sí ina hinnealtóir. Mar thoradh ar an gcleachtadh samhlaoidí teoraithe léirigh sí an smaoineamh gur thuig sí go raibh cinnteacht phoist i bhfad níos tábhachtaí di ná an deis le bheith in ann tuarastal ard a thuilleamh.

Gné Shóisialta: Chuir a teaghlach brú ollmhór uirthi le céim a bhaint amach as clár innealtóireachta nó le freastal ar scoil leighis. Bhí sé an-tábhachtach dóibh siúd a bheith mar innealtóir nó dochtúir mar bhí stádas ard acu sa phobal. Léirigh an cliant an smaoineamh go raibh gairm uaithi ar dtús ina raibh stádas sóisialta ard i gceist, ach de réir mar a rinne sí dul chun cinn ina cuid oiliúna, ní raibh sé seo chomh tábhachtach sin i gcomparáid le gairm a aimsiú ina mbeadh an deis aici caidreamh agus comhoibriú a dhéanamh le comhghleacaithe. Bhí sí éiginnte ina gairm mar gheall ar an éiginnteacht a bhí inti maidir le cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí deiseanna a bheith curtha ar fáil di dá mbeadh sí ina hinnealtóir.

Gné Bainteach le Córais (Polaitiúil, Eacnamaíoch agus Dlíthiúil): Ag tús na comhairleoireachta bhí an cliant ag breathnú go gníomhach ar an deis maidir lena clár staidéar ollscoile a athrú. De réir mar a d'imigh na seisiúin ar aghaidh bhí sé soiléir gur mian doiléir a bhí san fhonn seo maidir le clár a athrú seachas mian shonrach, ós rud é nach ndearna sí aon iarracht imscrúdú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí a leithéid d'aistriú a dhéanamh nó fiú an mbeadh sé indéanta. Spreag an comhairleoir í imscrúdú gníomhach a dhéanamh ar an gcaoi a mbeadh tionchar ag polasaithe agus nósanna imeachta na hollscoile ar a cinneadh. Mar gheall air seo fuair sí amach go mbeadh a leithéid d'aistriú dodhéanta amach is amach laistigh de struchtúr a hollscoile.

An chéad chéim eile sa phróiseas ba ea cuidiú a thabhairt don chliant na gairmeacha ar leith a aimsiú atá oscailte do dhaoine aonair a bhfuil céimeanna innealtóireachta mianadóireachta acu. Ba léir cé gur éirigh thar cionn leis an gcliant ó thaobh cúrsaí acadúla, ní raibh mórán déanta aici lena staidéar acadúil a cheangal leis na fíorghairmeacha sa gheilleagar náisiúnta. Mar sin an chéad chéim eile ba ea deiseanna do phoist innealtóireachta mianadóireachta a chuardach. Ní raibh sí ar an eolas faoi na deiseanna poist agus coinníollacha oibre sa réimse innealtóireachta mianadóireachta. An t-aon rud a bhí a fhios aici ná go raibh sí ag iarraidh a bheith ina cónaí agus ag obair ina baile dúchais, gar dá teaghlach agus cairde. Mar thoradh ar thaighde an chliant aimsíodh poist éagsúla a mbeadh sí ullamh agus cáilithe go gairmiúil dóibh agus is é mórthoradh a bhí ann dá réir ná an tuiscint go mbeadh uirthi ní hamháin a céim a chur i gcrích mar a bhí pleanáilte leis haon phost féideartha a bhaint amach, ach go mbeadh uirthi scrúdú láraithe (Scrúdú Roghnúcháin Phearsanra an Stáit-SRPS) a dhéanamh freisin.

Seans: Agus í ag tabhairt faoin tionchar a bheadh ag an seans ar a forbairt gairme, bhí an cliant ag iarraidh a lua nach ndearna sí machnamh riamh roimhe seo ar an riachtanas le haghaidh comhairleoireachta gairme ach nuair a chuala sí mic léinn eile ag déanamh plé ar sheirbhísí

comhairleoireachta gairme spreagadh í cuairt a thabhairt ar dtús agus de bharr an chaidrimh a bhí aici leis an gcomhairleoireacht ní raibh a todhchaí chomh héiginnte sin.

Pleanáil ghairme: Ag an seisiún comhairleoireachta deiridh díródh ar an tasc maidir le pleanáil ghairme. Chinn an cliant gurb é a calafort cinn scríbe ná post le Corparáid Peitiriam na Tuirce (CPT). Agus an calafort deiridh roghnaithe cuireadh an t-eolas ar fáil don chliant chun tús a chur lena cinní loingseoireachta a dhéanamh ina mbeadh ullmhúchán i gceist le pas a fháil na scrúduithe breise stáit atá riachtanach agus oiliúint bhreise ar leith i staidéar an Bhéarla.

A suíomh gairme reatha: D'imigh an comhairleoir i dteagmháil léi nuair a bhain sí a céim amach. Bhí sí ag obair i bpoist shealadacha. Tá a céim mháistir curtha i gcrích aici anois agus tá sí ag obair faoi láthair chun feabhas a chur ar a scileanna teanga agus léiríonn sé seo ar fad an dul chun cinn atá déanta aici i dtreo a cinn scríbe mar innealtóir leis an CPT.

Bhí an meafar den tseoltóireacht an-úsáideach le tuiscint phraiticiúil dá tasc gairme a thabhairt don chliant seo. Bhí an cinneadh a rinne sí ar dtús maidir le dul i mbun innealtóireachta mianadóireachta mar thoradh de chuid is mó ar iarracht a rinne sí chun freastal ar ionchais láidre a teaghlaiigh ach go dtí gur tháinig sí le haghaidh comhairleoireachta is é a bhí i gceist lena turas den chuid is mó ná a bheith ag “seoladh thiar”. Mar thoradh ar infheistíocht ollmhór ama agus fuinnimh d'éirigh léi dul isteach sa bhliain deiridh den ollscoil ach ní raibh ach amhras i gceist agus ní raibh aon chalafort cinn scríbe soiléir ann. Mar thoradh ar úsáid a bhaint as an samhail de bhád seoil cuireadh struchtúr ar fáil don chomhairleoir agus cliant araon agus ba sprioc agus taithí fhiúntach phearsanta a díródh i dtreo an chliant é an próiseas comhairleoireachta.

Giorrúcháin

SBSG	Samhail de Bhád Seoil Gairme
LNTO	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta